— Seasamh leis an achomharc arna thaisceadh i gcoinne an chinnidh atá faoi chonspóid, lena ndeonaítear an trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh arna iarraidh, agus a ordú don pháirtí freasúrach na costais a íoc.

— A ordú don chosantóir agus don pháirtí freasúrach, i gcás a láithrithe sna himeachtaí seo, na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Measúnú míchuí ar an gcruthúnas úsáide i gcomhréir le hAirteagal 18(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

— Sárú ar Airteagail 8(1)(b) agus 18(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 7 Samhain 2022 – Dr. Neumann & Kindler v EUIPO – Laboratory Corporation of America Holdings (LABCORP)**

**(Cás T-673/22)**

(2023/C 7/51)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Dr. Neumann & Kindler GmbH & Co. KG (Bochum, an Ghearmáin) (ionadaithe: T. Pfeifer agus N. Gottschalk, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Laboratory Corporation of America Holdings (Burlington, North Carolina, na Stáit Aontaithe)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc atá faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar fhocalmharc an Aontais Eorpaigh “LABCORP” – Iarratas Uimh. 15 174 766

*Imeachtaí os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón dara Bord Achomhairc de EUIPO an 25 Lúnasa 2022 i gCás R 182/2021-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO costais na n-imeachtaí os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh a íoc agus a ordú don idiragraí ionchasach costais na n-imeachtaí achomhairc os comhair EUIPO a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 47(2) agus (3) de Rialachán 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---